Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8287/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0089(NLE)**

**ACP 24**
**WTO 32**
**RELEX 483**
**COAFR 80**
**FDI 5**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 169 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste um Infheistíocht a Éascú a bhunaítear leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 169 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 169 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.4.2025
COM(2025) 169 final

2025/0089 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste um Infheistíocht a Éascú a bhunaítear leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Infheistíocht a Éascú ('an Coiste') a bunaíodh leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla, i ndáil le glacadh a Rialacha Nós Imeachta atá beartaithe.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú

Is é is aidhm don Chomhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú ('an Comhaontú') timpeallacht infheistíochta níos trédhearcaí, éifeachtúla agus intuartha in Angóla a chothú agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar a chumas infheistíochtaí díreacha coigríche a mhealladh agus a choinneáil. Tríd an méid sin a dhéanamh, is é is cuspóir don Chomhaontú tacú le fás eacnamaíoch, éagsúlú agus forbairt inbhuanaithe Angóla. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024.

### 2.2. An Coiste um Infheistíocht a Éascú

Bunaítear an Coiste le hAirteagal 43(1) den Chomhaontú 'chun a áirithiú go n-oibreoidh an Comhaontú ... go cuí agus go héifeachtach'. Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe ón dá Pháirtí.

Liostaítear feidhmeanna an Choiste in Airteagal 44 den Chomhaontú agus áirítear orthu, *inter alia*, cur chun feidhme an Chomhaontaithe a mhaoirsiú agus a éascú.

Faoi Airteagal 45 den Chomhaontú, beidh an chumhacht ag an gCoiste cinntí a dhéanamh i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú, cinntí a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe. Féadfaidh an Coiste moltaí iomchuí a dhéanamh freisin i leith na n-ábhar uile a chumhdaítear leis an gComhaontú. Is de chomhthoil a ghlacfaidh an Coiste a chinntí agus a dhéanfaidh sé a mholtaí.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú

De réir Airteagal 44(2) den Chomhaontú, 'glacfaidh [an] Coiste um Infheistíocht a éascú a rialacha nós imeachta féin ag a chéad chruinniú.' Ag an gcéad chruinniú den Choiste an 21 Eanáir 2025, chomhaontaigh na Páirtithe a nósanna imeachta inmheánacha féin a sheoladh chun cinneadh ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú a ghlacadh a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú ('an gníomh atá beartaithe').

Is é cuspóir don ghníomh atá beartaithe na rialacha a bhunú maidir le heagrú agus feidhmiú an Choiste um Infheistíocht a Éascú.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na Páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 45(1) den Chomhaontú, lena bhforáiltear go mbeidh na cinntí arna ndéanamh ag an gCoiste 'ina gceangal ar na Páirtithe.' I gcomhréir le hAirteagal 2 den ghníomh atá beartaithe, 'tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.'

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ba cheart gurb é an seasamh atá beartaithe a ghlacadh thar ceann an Aontais tacú le glacadh an chinnidh ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha

Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú. Ba cheart an seasamh a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú atá i gceangal leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais. Tá gá leis na Rialacha Nós Imeachta sin chun feidhmiú ceart an Choiste um Infheistíocht a Éascú a áirithiú.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh *'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Coiste um Infheistíocht a Éascú a bunaíodh le comhaontú, is é sin, an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla.

An gníomh a iarrtar ar an gCoiste um Infheistíocht a Éascú a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 45(1) den Chomhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

---

[1] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0089 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste um Infheistíocht a Éascú a bhunaítear leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla, a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh (AE) 2024/829 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2024.

(2) De bhun Airteagal 45(1) den Chomhaontú, beidh an chumhacht ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú cinntí a dhéanamh i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú.

(3) Ceanglaítear le hAirteagal 44(2) den Chomhaontú go nglacfaidh an Coiste a rialacha nós imeachta féin ag a chéad chruinniú.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Infheistíocht a Éascú a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ag an gCoiste um Infheistíocht a Éascú a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú ina cheangal ar an Aontas.

(5) Is é an seasamh ba cheart a ghlacadh thar ceann an Aontais tacú le glacadh an chinnidh ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú a mhéid a bhaineann le glacadh Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Infheistíocht a Éascú, toisc go bhfuil gá leis na Rialacha Nós Imeachta sin le haghaidh a fheidhmithe chirt,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Bunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Infheistíocht a Éascú ar théacs an dréachtchinnidh ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

2. Féadfaidh ionadaithe ón Aontas laistigh den Choiste um Infheistíocht a Éascú mioncheartúcháin theicniúla ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Infheistíocht a Éascú a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

[2] IO L, 2024/829, 8.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/829/oj.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*